C/2024/1465

9.2.2024

**Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(C/2024/1465)

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

DOICIMÉAD AONAIR

**‘Lappländsk Fjällröding’**

**Uimh. AE: PGI-SE-02630 — 7.9.2020**

**ATFC ( ) TGFC (X)**

1. **Ainm(neacha) [TGFC]**

‘Lappländsk Fjällröding’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An tSualainn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-ábhar**

3.1. *An cineál táirge*

Aicme 1.7. Éisc, moilisc, agus crústaigh úra agus táirgí a dhíorthaítear uathu

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Tagraíonn an tásc faoi chosaint ‘Lappländsk Fjällröding’ d’iasc saothraithe iomlán nó filléadaithe den speiceas Ruabhreac Artach (*Salvelinus alpinus*) ón daonra speisialta a fhaightear go nádúrtha i Loch Hornavan.

Is mar a leanas atá na saintréithe is tábhachtaí de ‘Lappländsk Fjällröding’:

Iasc iomlán:

*Comhlacht:*

Daingean agus teann, solúbtha go pointe.

*Méid:*

0,2-2 kg

*Súile:*

Lonrach, láidir, geal, dronnach, le coirne thrédhearcach le mac imrisc dubh agus meall súile buí.

*Geolbhaigh:*

Dearg agus tais, gan slam, pluda nó seadáin

*Craiceann:*

Tá na lanna an-bheag agus ceangailte go teann. Tá an craiceann lonrach agus drithleach. Tugann na lanna beaga loinnir mhiotalach don chraiceann.

*Dathú:*

Le linn an tséasúir sceite:

Dath dorcha airgid-liath / cúl glas agus a éiríonn níos éadroime ar na taobhanna, a bhfuil spotaí dearga / bándearga éadroma / buí éadroma orthu freisin. Tá dath glédhearg ar an mbolg. Tá dath dearg ar na heití tairr, brollaigh agus anasacha agus tá dath bán orthu chun tosaigh.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1151/oj

Le linn na coda eile den bhliain:

Mar atá thuas, ach le miondifríochtaí níos éadroime (dath airgid-liath/glas éadrom agus bolg buídhearg/bándearg air).

*Múcas craicinn:*

Trédhearcach agus greamaithe go dlúth den chraiceann, ar féidir a bhrath faoin lámh.

*Putóga:*

Lonrach agus mín le miondifríochtaí péarlacha, leaisteach agus le boladh úr orthu.

*Peireatóinéim:*

Trédhearcach, lonrach, gan aon bholadh uaidh agus greamaithe den fheoil.

Le haghaidh 'Lappländsk Fjällröding' iomlán agus filléadaithe araon:

Feoil éisc:

*Uigeacht:*

Preabach agus teann le snáithíní matáin fíneáilte.

*Dath:*

Oráiste-dearg (NCS[1] S2050-2060Y50R). Braitheann an dath ar an séasúr agus baineann sé freisin le cé acu a bhfuil an t-iasc ag sceitheadh nó nach bhfuil. Le linn an tséasúir sceite, bíonn dath oráiste-dearg éadrom ar an gcóras matánach. Le linn an chuid eile den bhliain, bíonn dath oráiste-dearg níos gile ar an gcóras matánach.

*Dea-bholadh:*

Craiceann: dea-bholadh éadrom d'uisce úr locha.

Feoil: dea-bholadh an-éadrom d'almóinní agus de chrann síorghlas úr.

*Blas:*

Blas tathagach d'eochraí agus d'umami. Milseacht éadrom. Bíonn an déine cineál laghdaithe i ndiaidh na cócarála.

*Comhsheasmhacht:*

Bíonn teinne dheas ag an bhfeoil agus í bog agus beagnach uachtarach sa bhéal an tráth céanna.

*An blas sa bhéal:*

Tais ach gan a bheith sailleach. Bíonn tionchar ag an uigeacht agus ag an ábhar saille ar an mblas sa bhéal. Bíonn uigeacht níos lú gairbhe agus bíonn níos lú saille idir na grúpaí matán ag 'Lappländsk Fjällröding' ná mar a bhíonn gnách do bhradán, mar shampla. Ciallaíonn sé sin go mbíonn an fheoil níos aonfhoirmí agus níos lú saillí sa bhéal ná mar a bhíonn feoil an bhradáin.

*Leibhéil cothaitheach:*

Saill: 7,5-8,5 %

Lena n-áirítear:

Aigéid shailleacha sháithithe: 1,4-1,6 %

Aigéid shailleacha mhonai-neamhsháithithe: 2,9-3,1 %

Aigéid shailleacha pholai-neamhsháithithe: 2,4-2,6 %

Próitéin: 18-22 %

Vitimín D: 5,6-6,0 µg/100 g d'iasc

Fóláit: 22-28 µg/100 g d'iasc

Iarann: 0,1-0,3 mg/100 g d'iasc

Salann: 0,08-0,12 %

[1] Córas Datha Nádúrtha

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Is éard atá i mbeatha na n-iasc beatha a ullmhaítear ar bhonn tráchtála atá oiriúnaithe do riachtanais an speicis ag céimeanna éagsúla na forbartha. Is éard atá inti 50 % ar a laghad d'ábhar plandaí (go príomha léagúim, cruithneacht, lus na gréine, síol ráibe) agus thart ar 40 % d'ábhar ainmhithe (go príomha min éisc, ola éisc). Tá thart ar 1 % d'fhosfar agus thart ar 6-8 % de nítrigin inti. Tá gach baisc beatha inrianaithe.

Táirgtear an bheatha den chuid is mó lasmuigh den limistéar geografach sainithe mar a thuairiscítear faoi phointe 4.

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór táirgeadh 'Lappländsk Fjällröding' a dhéanamh sa limistéar a shainítear faoi phointe 4 agus is éard atá ann na céimeanna seo a leanas: táirgeadh eochraí agus lábáin, leasachán eochraí, uibheacha goir, mionéisc shac an bhuíocáin a shaothrú, iasc a shaothrú lena stocáil, bailiú, dí-inniú agus grádú.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

## 4. Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach

Is éard atá i limistéar táirgthe 'Lappländsk Fjällröding' ná ceantair chúirte stairiúla Arjeplog, Arvidsjaur, Lycksele, Vilhelmina agus Åsele chomh maith le paróiste Malå i Laplainn na Sualainne.

## 5. Nasc leis an limistéar geografach

Tá an nasc idir saintréithe 'Lappländsk Fjällröding' agus an limistéar geografach bunaithe ar thosca nádúrtha agus daonna.

*Sainiúlacht an táirge*

Tá feoil theann phreabach le snáithíní matáin fíneáilte atá go deas substaintiúil ag 'Lappländsk Fjällröding'. Tá an blas tathagach le blasanna d'eochraí agus d'umami. Tá blasanna d'almóinní agus de chrann síorghlas sa dea-bholadh éadrom.

Tá spotaí dearga / bándearga éadroma / buí éadroma ar an gcorp ag 'Lappländsk Fjällröding', seachas na paistí dubha a fhaightear ar bhaill de ghéineas Salmo. Is minic a bhíonn dath bán ar na heití anasacha, brollaigh agus tairr chun tosaigh. Tá an ceann cuibheasach beag agus tá na lanna beag agus ceangailte go teann. Fásann 'Lappländsk Fjällröding' go tapa agus sroicheann siad aibíocht ghnéasach go déanach.

Tá 'Lappländsk Fjällröding' éagsúil freisin leis an speiceas ruabhric a fhaightear i ndeisceart na Sualainne (Salvelinus lepechini) mar gheall ar a mhéid níos lú go páirteach. Ina theannta sin, tá feoil níos teinne ag 'Lappländsk Fjällröding' ná mar atá ag *S. lepechini*, rud a fhágann, murab ionann agus feoil *S. lepechini*, nach ndéantar calóga de.

*Sainiúlachtaí an limistéir táirgthe*

Mar thoradh ar shuíomh tuaisceartach agus airde an limistéir táirgthe, bíonn an aeráid dian (teochtaí idir -10 °C agus -17 °C i mí Eanáir agus idir 0 °C agus 15 °C i mí Iúil). Titeann cuid mhór den fhrasaíocht bhliantúil mar shneachta le linn mhíonna an gheimhridh. Is é an meánsreabhadh uisce sna ceithre habhainn mhóra a dhéanann an limistéar táirgthe a dhraenáil idir 165 agus 500 méadar ciúbach in aghaidh an tsoicind. Fágann an sreabhadh ard uisce go bhfuil ráta malairte an uisce i lochanna agus sruthchúrsaí an limistéir táirgthe ard, agus mar gheall air sin, tá an uisce measartha gann ar chothaithigh (tá na leibhéil nítrigine idir 150 agus 200 µg in aghaidh an lítir agus tá na leibhéil fosfair idir 3 agus 10 µg in aghaidh an lítir), tá dath an-éadrom air le substaintí húmasacha (dlús optúil F420/5: 0,025-0,045) bíonn teocht cuibheasach íseal air i gcaitheamh na bliana (is iondúil go mbíonn na teochtaí samhraidh idir 7 °C agus 14 °C).

*Nasc le tosca nádúrtha*

Tagann na héisc a shaothraítear mar 'Lappländsk Fjällröding' as an bhfodhaonra mór de Ruabhreac Artach ar féidir é a aithint go géiniteach, a chónaíonn in Hornavan, ar loch é i gceantar cúirte stairiúil Arjeplog (cuid de limistéar táirgthe 'Lappländsk Fjällröding'). Tá feoil theann phreabach le snáithíní matáin fíneáilte ag an Ruabhreac Artach a shaothraítear chun 'Lappländsk Fjällröding' a tháirgeadh, sroicheann sé aibíocht ghnéasach go déanach agus fásann sé go cuibheasach tapa. Tá sé oiriúnaithe ó thaobh éabhlóide de don saol in uiscí fuara, soiléire atá gann ar chothaithigh.

Dá bhrí sin, saothraítear 'Lappländsk Fjällröding' sna lochanna agus sna sruthchúrsaí laistigh den limistéar táirgeachta mar a thuairiscítear faoi phointe 4, ina bhfuil uiscí fuara, soiléire atá gann ar chothaithigh agus ina bhfuil ráta malairte ard uisce. Oiriúnaítear an modh saothraithe chun cur ar a chumas do 'Lappländsk Fjällröding' a oiread agus is féidir de na saintréithe (comhsheasmhacht, blas agus dea-bholadh fheoil an éisc) agus an iompraíocht a fhaightear i Ruabhreac Artach fiáin i Loch Hornavan a choinneáil.

*Nasc le tosca daonna*

Tá na saintréithe speisialta a fhaightear i 'Lappländsk Fjällröding' mar gheall ar thaithí agus saineolas an phearsanra atá freagrach as an saothrú freisin, ó na deontóirí eochraí agus lábán a roghnú go dtí an táirge deiridh.

Tosaíonn táirgeadh 'Lappländsk Fjällröding' le stoc goir oiriúnach a roghnú. Ar bhonn mhoirfeolaíocht agus iompraíocht an éisc, is féidir le póraitheoir mionéisc a bhfuil taithí aige meastachán a dhéanamh maidir leis an acmhainneacht fáis agus maidir le haon éalang ghéiniteach a d'fhéadfadh a bheith ann agus a d'fhéadfadh míchumaí a bheith ar a sliocht dá dheasca sin. Le láimhseáil chumasach agus chúramach an stoc goir, is féidir an stoc goir céanna a úsáid chun eochraí/labáin a tháirgeadh go ceann 5 nó 6 bliana.

I ndiaidh na heochraí agus na lábáin a mheascadh le chéile, déantar na lábáin iomarcacha a shruthlú amach agus cuirtear na heochraí sa ghorlann. Déantar faireachán cúramach ar fhorbairt na n-eochraí ag pearsanra a bhfuil an taithí chuí acu ar féidir leo a chinneadh cé acu a ndearnadh na heochraí a leasú nó nach ndearnadh agus a bhaineann na huibheacha marbha nó neamhleasaithe de láimh.

Is feidhm ama agus feidhm theochtaí an uisce (laethanta céime) é an luas goir. Ionas nach mbeidh gach ubh ag goradh an tráth céanna, déanann an saothróir nóiméad an ghortha a choigeartú trína chur ar a chumas do na huibheacha forbairt ag teochtaí éagsúla uisce. I ndiaidh an ghortha, déantar faireachán leanúnach ar fhorbairt, iompraíocht agus sláinte mhionéisc shac an bhuíocáin ionas gur féidir na mionéisc a aistriú go dtí na trachanna saothrúcháin ina bhfuil uisce reatha agus inar féidir iad a bheathú le beatha thosaithe (beatha ina bhfuil cion ard próitéine) an tráth ceart dá gcuid forbartha.

Tráth a bhfuil na mionéisc ar an méid ceart de 25 ghram, déantar iad a aistriú go feirm éisc bhoird i gceann de na córais uisce laistigh den limistéar táirgthe. Agus 'Lappländsk Fjällröding' á shaothrú, déanann an saothróir faireachán cúramach ar iompraíocht na n-iasc ionas gur féidir leis measúnú a dhéanamh ar a sláinte. Déantar an saothrú in uisce reatha glan fuar sa limistéar táirgthe faoi dhálaí lenar féidir leis an Ruabhreac Artach a iompraíocht nádúrtha a choinneáil a fhaide is féidir. Leis an obair, ceanglaítear ar an saothróir eolas láidir a bheith aige ar iompraíocht nádúrtha agus ar dhálaí maireachtála an ruabhric Artaigh.

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta**

https://www.livsmedelsverket.se/globalassets/foretag-regler-kontroll/livsmedelsinformation-markning-halsopastaenden/skyddade-beteckningar/ansokan_lapplandsk_fjallroding-2023_04_20.pdf